CINNEADH (CBES) 2020/564 ÓN GCOMHAIRLE

an 23 Aibreán 2020

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2018/298 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) d'fhonn a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh na nArm Ollscriosta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Feabhra 2018, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/298 ([1]).

(2) Leis an dara mír d'Airteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2018/298, foráiltear do thréimhse cur chun feidhme 24 mhí ó dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe maoinithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3) den Chinneadh sin, le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de.

(3) Síníodh an comhaontú maoinithe le Coimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) an 28 Aibreán 2018 agus, dá bhrí sin, tá sé le dul in éag an 27 Aibreán 2020.

(4) An 19 Márta 2020, d'iarr an Dr Lassina ZERBO, Rúnaí Feidhmiúcháin Choimisiún Ullmhúcháin CTBTO, go gcuirfí síneadh, go dtí an 30 Samhain 2020, leis an tréimhse cur chun feidhme dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2018/298, mar gheall ar ghéarchéim dhomhanda COVID-19 a bheith ag teacht chun cinn agus mar gheall ar fhionraí shealadach ghaolmhar ghníomhaíochtaí neamh-chriticiúla CTBTO.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2018/298 a leasú.

(6) Maidir leis an síneadh a chuirtear leis na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2018/298 go dtí an 30 Samhain 2020, ní dochar é d'acmhainní,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír d'Airteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2018/298:

"Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 30 Samhain 2020.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23 Aibreán 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
G. GRLIĆ RADMAN

([1]) Cinneadh (CBES) 2018/298 ón gComhairle an 26 Feabhra 2018 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí Choimisiún Ullmhúcháin Eagraíocht an Chonartha um Chosc Cuimsitheach ar Thrialacha Núicléacha (CTBTO) d'fhonn a chumais faireacháin agus fíoraithe a neartú agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh na n-Arm Ollscriosta (IO L 56, 28.2.2018, lch. 34).